Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 14 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12909/1/19**
**REV 1**

**COASI 139**
**ASIE 42**
**CFSP/PESC 764**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12683/19 |
| Ábhar: | An Téalainn<br>– Conclúidí ón gComhairle (14 Deireadh Fómhair 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Téalainn, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3720ú cruinniú a bhí aici ar an 14 Deireadh Fómhair 2019.

**IARSCRÍBHINN**

## An Téalainn

### Conclúidí ón gComhairle

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón Ardionadaí maidir le forbairtí polaitiúla sa Téalainn i ndiaidh thoghcháin mhí an Mhárta 2019. Sa chomhthéacs sin, agus ag meabhrú di na conclúidí ón gComhairle an 11 Nollaig 2017, measann an Chomhairle anois gurb iomchuí go ngníomhódh an tAontas i dtreo a theagmháil leis an Téalainn a leathnú, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus iolrachas daonlathach, trí ullmhú do shíniú prapúil an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair (CCC). Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go gcuirfí tús an athuair leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Saorthrádála (FTA) uaillmhianach cuimsitheach.